



# BEARTAS QQI.

**Beartas um Ghnásanna chun Cáilíocht Chláir  
Chomhpháirteacha a dhearbhú bunaithe ar an  
gCur Chuige Eorpach**



**Dearbhú Cáilíochta  
agus Cáilíochtaí Éireann**  
Quality and  
Qualifications Ireland

## CLÁR

<b>1. BUNEOLAS AGUS COMHTHÉACS</b> .....	<b>4</b>
<b>1.1</b> An Cur Chuige Eorpach.....	<b>4</b>
<b>1.2</b> An Comhthéacs Reachtach.....	<b>4</b>
<b>1.3</b> Modheolaíocht agus próiseas.....	<b>5</b>
<b>2. CAIGHDEÁIN CHUN CHÁILÍOCHT CHLÁIR CHOMHPHÁIRTEACHA EORPACHA A DHEARBHÚ IN EHEA</b> .....	<b>6</b>
<b>2.1</b> Incháilitheacht.....	<b>6</b>
<b>2.1.1</b> Stádas.....	<b>6</b>
<b>2.1.2</b> Cláir chomhpháirteacha - dearadh agus seachadadh.....	<b>6</b>
<b>2.1.3</b> Comhaontas Comhair.....	<b>6</b>
<b>2.2</b> Torthaí.....	<b>7</b>
<b>2.2.1</b> Leibhéal [ESG1.2].....	<b>7</b>
<b>2.2.2</b> Réimse disciplíne.....	<b>7</b>
<b>2.2.3</b> Gnóthachtáil [ESG 1.2].....	<b>7</b>
<b>2.2.4</b> Gairmeacha Rialaithe.....	<b>7</b>
<b>2.3</b> Clár Staidéir [ESG 1.2].....	<b>7</b>
<b>2.3.1</b> Curaclam.....	<b>7</b>
<b>2.3.2</b> Creidiúintí.....	<b>7</b>
<b>2.3.3</b> Ualach oibre.....	<b>7</b>
<b>2.4</b> Iontráil agus Aitheantas [ESG 1.4].....	<b>8</b>
<b>2.4.1</b> Iontráil.....	<b>8</b>
<b>2.4.2</b> Aitheantas.....	<b>8</b>
<b>2.5</b> Foghlaim, Múineadh agus Measúnú [ESG 1.3].....	<b>8</b>
<b>2.5.1</b> Foghlaim agus múineadh.....	<b>8</b>
<b>2.5.2</b> Measúnú ar mhic léinn.....	<b>8</b>
<b>2.6</b> Tacaíocht do Mhic Léinn [ESG 1.6].....	<b>8</b>
<b>2.7</b> Acmhainní [ESG 1.5 & 1.6].....	<b>8</b>
<b>2.7.1</b> Foireann.....	<b>8</b>
<b>2.7.2</b> Saoráidí.....	<b>8</b>
<b>2.8</b> Trédhearcach agus Doiciméadú [ESG 1.8].....	<b>9</b>
<b>2.9</b> Dearbhú Cáilíochta [ESG 1.1 & cuid 1].....	<b>9</b>

<b>3. GNÁSANNA BUNAITHE AR AN GCUR CHUIGE EORPACH .....</b>	<b>10</b>
<b>3.1 Iarratas foirmiúil chuig QQI .....</b>	<b>10</b>
<b>3.1.1 Institiúid chomhordaithe.....</b>	<b>10</b>
<b>3.2 Iarratas agus Cáilitheacht.....</b>	<b>10</b>
<b>3.2.1 Doiciméid a chur isteach.....</b>	<b>11</b>
<b>3.3 An Tuarascáil Féinmheastóireachta (SER) .....</b>	<b>11</b>
<b>3.4 Painéal Athbhreithnithe .....</b>	<b>11</b>
<b>3.4.1 Róil bhaill an phainéil.....</b>	<b>12</b>
<b>3.4.2 Cathaoirleach.....</b>	<b>12</b>
<b>3.4.3 Rúnaí an phainéil agus scríbhneoir na tuarascála .....</b>	<b>12</b>
<b>3.4.4 Baill an Phainéil .....</b>	<b>13</b>
<b>3.4.5 Mionteagasc an Phainéil .....</b>	<b>13</b>
<b>3.4.6 Pleanáil agus ullmhú an phainéil .....</b>	<b>13</b>
<b>3.5 Cuairt ar an Suíomh .....</b>	<b>14</b>
<b>3.5.1 Sceideal .....</b>	<b>14</b>
<b>3.5.2 Rannpháirtithe.....</b>	<b>14</b>
<b>3.5.3 Seoladh na cuairte ar an suíomh.....</b>	<b>13</b>
<b>3.5.4 Tuarascáil ó Bhéal .....</b>	<b>15</b>
<b>3.6 Tuarascáil an Phainéil Athbhreithnithe .....</b>	<b>15</b>
<b>3.7 Torthaí agus Cinneadh Foirmiúla .....</b>	<b>15</b>
<b>3.7.1 Torthaí agus ceadú na tuarascála.....</b>	<b>14</b>
<b>3.7.2 Creidiúnú (bailíochtú).....</b>	<b>16</b>
<b>3.8 Achomhairc .....</b>	<b>16</b>
<b>3.9 Iarobair .....</b>	<b>16</b>
<b>3.10 Athbhreithniú Tréimhsiúil .....</b>	<b>17</b>
<b>4. AGUISÍNÍ.....</b>	<b>17</b>
<b>4.1 Amlíne Tháscach.....</b>	<b>18</b>
<b>4.2 Acmhainní .....</b>	<b>20</b>

# 1. BUNEOLAS AGUS COMHTHÉACS

## 1.1 AN CUR CHUIGE EORPACH

Cheadaigh airí an Limistéir Eorpaigh um Ardoideachas (EHEA) [An Cur Chuige Eorpach um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach](#) i mBealtaine 2015. Ar [Chaighdeán agus Treoirínte maidir le Dearbhú Cáilíochta i Limistéar Eorpach an Ardoideachais](#) (ESG 2015) atá an gnás agus na critéir don chur chuige Eorpach bunaithe.

Is é an sainmhíniú ar chlár comhpháirteach mar atá siad sainmhínithe sa Chur Chuige Eorpach go dtuigtear gur curaclam comhtháite iad arna gcomhordú agus arna dtairiscint i gcomhpháirt ag institiúidí ardoideachais éagsúla ó thíortha EHEA as a leanann céimeanna dúbailte/iolracha nó comhchéim<sup>1</sup>. D'fhéadfadh go mbeadh dearbhú cáilíochta seachtrach de dhíth ar chlár den sórt sin sula ndéanann an institiúid nó an ghníomhaireacht rialála lena mbaineann iad a chreidiúnú nó a bhailíochtú. Forbraíodh an Cur Chuige Eorpach chun cáilíocht chlár chomhpháirteacha a dhearbhu chun dearbhú cáilíochta seachtrach na gclár seo a mhaolú.

Féadfaidh forais cháiliúcháin ainmnithe<sup>2</sup> agus/nó soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu iarraidh a dhéanamh chuig QQI chun dearbhú cáilíochta seachtrach a sheoladh maidir le clár comhpháirteach de réir an Chuir Chuige Eorpaigh, tá na gnásanna seo á mbunú chun a chumasú do QQI freagra a thabhairt ar iarrataí den sórt sin chun an Cur Chuige Eorpach a chur chun feidhme.

## 1.2 AN COMHTHÉACS REACTACH

QQI a sheolfaidh dearbhú cáilíochta i gcás clár chomhpháirteacha atá ag cur an Chuir Chuige Eorpaigh i bhfeidhm de réir Alt 42 den [Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta \(Oideachas agus Oiliúint\) 2012 \(leasaithe\)](#) (Acht 2012).

Faoi Alt 42 den Acht

42. (1) Féadfaidh QQI, ó am go ham, athbhreithnithe den sórt sin a sheoladh mar a mheasann sé a bheith cuí ar cháilíocht an oideachais, na hoiliúna, an taighde agus na seirbhísí gaolmhara a sholáthraíonn soláthraithe iomchuí agus soláthraithe nasctha nó aon aicme soláthraithe iomchuí agus soláthraithe nasctha.

(2) Rachaidh QQI i gcomhairle leis an Údarás um Ard-Oideachas le linn athbhreithniú a bheith á dhéanamh faoi fho-alt (1), más rud é—

- (a) go mbaineann an t-athbhreithniú sin le soláthraí dá dtagraítear san fho-alt sin, agus
- (b) gur institiúid ardoideachais an soláthraí sin.

(3) Déanfaidh QQI torthaí aon athbhreithnithe faoi fho-alt (1) a fhoilsiú i cibé foirm agus ar cibé modh is dóigh leis is cuí (lena n-áirítear ar an idirlíon).

<sup>1</sup> [An Cur Chuige Eorpach um dhearbhu cáilíochta clár comhpháirteach](#) (eqar.eu) (p.1)

<sup>2</sup> Is iad forais cháiliúcháin ainmnithe na hinstitiúidí sin a bhfuil an t-údarás dlíthiúil acu dámhachtainí a dhéanamh. Baineann údarás tarmligthe leis na hinstitiúidí sin a bhfuil údarás acu a ndámhachtainí féin a dhéanamh laistigh de raon feidhme an údaráis arna tharmligean ag QQI.

Déanann an Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe<sup>3</sup> na torthaí ar athbhreithniú cáilíochta a sheoltar faoi alt 42 den Acht a cheadú lena bhfoilsíú, mar a shainítear laistigh dá théarmaí tagartha féin.

### 1.3 MODHEOLAÍOCHT AGUS PRÓISEAS

Tá an mhodheolaíocht agus an próiseas ailínithe go hiomlán leis an gCur Chuige Eorpach agus tá na heilimintí seo a leanas san áireamh ann:

- i. Bainfidh QQI úsáid as na ‘Caighdeáin maidir le Dearbhú Cáilíochta i gcás Cláir Chomhpháirteacha i Limistéar Eorpach an Ardoideachais’ mar atá leagtha amach i gCuid B den [Chur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach](#) mar an measúnú aonair do chlár comhpháirteach.
- ii. QQI a dhéanfaidh an dearbhú seachtrach cáilíochta ar an gclár comhpháirteach, ar aon dul leis an bpróiseas atá leagtha amach i gCuid C den [Chur Chuige Eorpach um dhearbhú cáilíochta clár comhpháirteach](#).
- iii. Is éard atá i gceist leis an gCur Chuige Eorpach a chur i bhfeidhm ná próiseas meastóireachta aonair a sheoladh, lena n-áirítear meastóireacht amháin agus cuairt suímh amháin, ó phainéal amháin, as a soláthraítear tuarascáil aonair a bheidh le glacadh ag na hinstiúidí comhoibritheacha /na forais chreidiúnaithe eile faoi Communiqué Bhúcairist.
- iv. As an bpróiseas tiocfaidh tuarascáil phainéil ina mbeidh an breithiúnas ‘comhlíontach’ nó ‘neamhchomhlíontach’ maidir leis na caighdeáin, mar atá sonraithe sa Chur Chuige Eorpach.
- v. Déanfaidh Coiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe QQI tuarascáil an phainéil a mheas lena ceadú.
- vi. Bunaithe ar an tuarascáil cheadaithe, is iad an instiúid chomhordaithe agus na hinstiúidí/ gníomhaireachtaí comhoibritheacha a dhéanfaidh an cinneadh maidir le bailíochtú (creidiúnú) an chláir i gcomhréir leis na rialacháin acadúla agus/nó ceanglais reachtacha laistigh dá ndlíní faoi seach<sup>4</sup>.

3 Téarmaí Tagartha an Choiste um Cheaduithe agus Athbhreithnithe QQI (Meitheamh 2020). [https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-10/approvals-and-reviews-committee-terms-of-reference-june-2020\\_0.pdf](https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-10/approvals-and-reviews-committee-terms-of-reference-june-2020_0.pdf). (oscailte den uair dheirdh 03.07.2023).

4 Ní hionann i ngach tír an próiseas cinnteoireachta maidir le bailíochtú/creidiúnú.

## 2. CAIGHDEÁIN CHUN CÁILÍOCHT CHLÁIR CHOMHPHÁIRTEACHA A DHEARBHÚ I LIMISTÉAR EORPACH AN ARDOIDEACHAIS

### 2.1 INCHÁILITHEACHT

#### 2.1.1 STÁDAS

Ba cheart d'institiúidí a thairgeann clár comhpháirteach a bheith aitheanta mar institiúidí ardoideachais ag údaráis ábhartha a dtíortha féin. Ba cheart go gcuirfeadh a gcreataí dlí náisiúnta faoi seach ar a gcumas a bheith rannpháirteach sa chlár comhpháirteach agus, más infheidhme, céim chomhpháirteach a dhámhachtain. Ba cheart do na hinstiúidí a bhronnann an chéim nó na céimeanna a chinntiú go mbaineann an chéim nó na céimeanna le córais na gcéimeanna ardoideachais sna tíortha ina bhfuil siad bunaithe.

#### 2.1.2 CLÁIR CHOMHPHÁIRTEACHA - DEARADH AGUS SEACHADADH

Ba cheart an clár comhpháirteach a thairiscint go comhpháirteach, agus gach institiúid chomhoibritheach a bheith rannpháirteach i ndearadh agus i seachadadh an chláir.

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas i ndoiciméadú thogra an chláir:

- Ainm an chláir, agus fad na céime i mblianta agus i gcreidiúintí ECTS agus tuairisceoirí comhfhreagracha in QF-EHEA;
- Aidhmeanna agus cuspóirí an chláir;
- An institiúid is iarrthóir agus na hinstiúidí atá sa chuibhreannas;
- Modhúlacht an teagaisc agus príomhtheanga an chláir;
- An líon mac léinn a bhfuiltear ag súil leis don chéad bhliain acadúil;
- Rialacháin an chláir.

#### 2.1.3 COMHAONTAIS CHOMHAIR<sup>5</sup>

Ba cheart téarmaí agus coinníollacha an chláir chomhpháirtigh a leagan síos i gcomhaontú comhair. Ba cheart go gcuimseofaí na nithe seo a leanas sa chomhaontú:

- Ainmníocht na céime/na gcéimeanna a bheidh le bronnadh sa chlár;
- Comhordú agus freagrachtaí na gcomhpháirtithe atá i gceist maidir le bainistíocht agus eagrú airgeadais (lena n-áirítear maoiniú, roinnt na gcostas agus an ioncaim etc.);
- Gnásanna iontrála agus roghnúcháin do mhic léinn;
- Soghluaisteacht na mac léinn agus na foirne;
- Rialacháin scrúduithe, modhanna measúnaithe na mac léinn, aitheantas do chreidmheasanna agus do ghnásanna bronnta céimeanna sa chuibhreannas.

<sup>5</sup> Gheofar naisc le teimpléid agus le sampla de chomhaontais comhair in [‘Cláir Chomhpháirteacha ó A go Z - Treoir thagartha do chleachtóirí’ \(2020\)](#)

## 2.2 TORTHAÍ

### 2.2.1 LEIBHÉAL [ESG 1.2]

Ba cheart go mbeadh na torthaí foghlama beartaithe ag teacht le Creat Cáilíochtaí Limistéar Eorpach an Ardoideachais (QF-EHEA) agus leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC).

Ba cheart go mbeadh na torthaí foghlama beartaithe ag freagairt dóibh siúd do chlár náisiúnta agus idirnáisiúnta comhchosúla ar an leibhéal.

### 2.2.2 RÉIMSE DISCIPLÍNE

Ba cheart go gcuimseodh na torthaí foghlama atá beartaithe eolas, scileanna, agus inniúlachtaí sa réimse/sna réimsí disciplíne faoi seach.

### 2.2.3 GNÓTHACHTÁIL [ESG 1.2]

Ba chóir go mbeadh sé le léiriú sa chlár gur baineadh amach na torthaí foghlama beartaithe.

### 2.2.4 GAIRMEACHA RIALAITHE

Má bhaineann sé leis an gclár comhpháirteach i dtrácht, ba cheart na híoschoinníollacha oiliúna comhaontaithe a shonraítear i dTreoir 2005/36/CE ón Aontas Eorpach, nó na comhchreataí oiliúna ábhartha arna mbunú faoin Treoir, a chur san áireamh.

## 2.3 CLÁR STAIDÉIR [ESG 1.2]

### 2.3.1 CURACLAM

Ba chóir go mbeadh struchtúr agus ábhar an churaclaim oiriúnach le cur ar chumas na scoláirí na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach.

### 2.3.2 CREIDIÚINTÍ

Ba cheart an Córas Eorpach Aistrithe Creidmheasa (ECTS) a chur i bhfeidhm i gceart, agus ba cheart dáileadh na gcreidmheasanna a bheith soiléir.

### 2.3.3 UALACH OIBRE

Is gnách go mbeidh ualach oibre iomlán de 180-240 creidiúint ECTS i gclár comhpháirteach baitsiléara; go hiondúil is ionann máistirchlár comhpháirteach agus 90-120 creidmheas ECTS agus níor cheart go mbeadh níos lú ná 60 creidmheas ECTS i gceist ag leibhéal an dara sraithe (raonta creidmheasa de réir an FQ-EHEA); ní dhéantar aon raon creidmheasanna a shonrú do dhochtúireachtaí comhpháirteacha. Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar an ualach oibre agus ar an meán-am chun an clár a chríochnú.

---

## **2.4 IONTRÁIL AGUS AITHEANTAS [ESG 1.4]**

### **2.4.1 IONTRÁIL**

Ba cheart go mbeadh na ceanglais iontrála agus na gnásanna roghnúcháin oiriúnach do leibhéal agus do dhisciplín an chláir.

### **2.4.2 AITHEANTAS**

Ba cheart aitheantas do cháilíochtaí agus do thréimhsí staidéir (lena n-áirítear aitheantas do réamhfhoghlaim) a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Coinbhinsiún Liospóin maidir le Cáilíochtaí Ardoideachais sa Réigiún Eorpach a Aithint agus fodhoiciméid.

---

## **2.5 FOGHLAIM, MÚINEADH AGUS MEASÚNÚ [ESG 1.3]**

### **2.5.1 FOGHLAIM AGUS MÚINEADH**

Ba cheart an clár a dhearadh chun go mbeidh sé ag teacht leis na torthaí foghlama atá beartaithe, agus ba chóir go mbeadh na cineálacha cur chuige foghlama agus teagaisc a chuirtear i bhfeidhm leordhóthanach chun iad sin a bhaint amach. Ní mór meas a léiriú ar éagsúlacht na mac léinn agus a gcuid riachtanas agus freastal orthu, go háirithe i bhfianaise chúlraí cultúrtha éagsúla na scoláirí.

### **2.5.2 MEASÚNÚ AR MHC LÉINN**

Ba chóir go mbeadh na rialacháin scrúdaithe agus an measúnú ar na torthaí foghlama a baineadh amach ag teacht leis na torthaí foghlama atá beartaithe. Ba cheart iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach i measc institiúidí comhpháirtíochta.

---

## **2.6 TACAÍOCHT DO MHC LÉINN [ESG 1.6]**

Ba chóir go gcuideodh na seirbhísí tacaíochta do mhic léinn chun na torthaí foghlama atá beartaithe a bhaint amach. Ba cheart dóibh dúshláin shonracha na mac léinn soghluaiste a chur san áireamh.

---

## **2.7 ACMHAINNÍ [ESG 1.5 & 1.6]**

### **2.7.1 AN FHOIREANN**

Ba cheart go mbeadh na hacmhainní foirne leordhóthanach (cáilíochtaí, taithí ghairmiúil agus idirnáisiúnta) chun an clár staidéir a chur chun feidhme.

### **2.7.2 SAORÁIDÍ**

Ba chóir go mbeadh na háiseanna a chuirtear ar fáil dóthanach agus imleor ag féachaint do na torthaí foghlama atá beartaithe.



## **2.8 TRÉDHEARCACHT AGUS DOICIMÉADÚ [ESG 1.8]**

Ba cheart faisnéis ábhartha faoin gclár, mar shampla, riachtanais agus gnásanna iontrála, lámhleabhar an chláir, gnásanna scrúdaithe agus measúnaithe srl. a dhoiciméadú agus a fhoilsiú go maith, ag cur sainriachtanais na mac léinn soghluaiste san áireamh.

## **2.9 DEARBHÚ CÁILÍOCHTA [ESG 1.1 & CUID 1]**

Ba cheart do na hinstiúidí comhair próisis chomhpháirteacha inmheánacha um dhearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cuid a haon den ESG.

## 3. GNÁSANNA BUNAITHE AR AN GCUR CHUIGE EORPACH<sup>6</sup>

### 3.1 IARRATAS FOIRMIÚIL CHUIG QQI

Ar an gcéad dul síos, ba cheart don institiúid ardoideachais chomhordaithe (AO) forbairt bheartaithe an chláir chomhpháirtigh, na hinstitiúidí comhoibrithe atá beartaithe, agus na hamlínte táscacha a phlé le QQI.

Ba cheart don institiúid ardoideachais chomhordaithe iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn a sheoladh chuig QQI ag iarraidh air cáilíocht an chláir chomhpháirtigh bheartaithe a dhearbhu mar fhoras seachtrach. Eiseoidh QQI dearbhú i scríbhinn.

#### 3.1.1 INSTITIÚID CHOMHORDAITHE

Feidhmeoidh institiúid ardoideachais Éireannach mar an institiúid chomhordaithe ó thús deireadh an phróisis. Déanfaidh QQI idirchaidreamh agus cumarsáid leis na hinstitiúidí comhoibritheacha tríd an institiúid chomhordaithe.

### 3.2 IARRATAS AGUS CÁILITHEACTH

Cuirtear iarratas leis an bhfaisnéis seo a leanas faoi bhráid QQI sula gcuirtear an togra maidir leis an gclár comhpháirteach isteach lena mheas:

1. Ainmneacha agus teagmhálaithe riaracháin do na hinstitiúidí comhoibrithe go léir.
2. Doiciméid ina ndeimhnítear go n-aithníonn na húdaráis ábhartha ina dtír féin na hinstitiúidí mar institiúidí ardoideachais.
3. Ainmneacha agus teagmhálaithe riaracháin do gach ceann de na gníomhaireachtaí seachtracha um dhearbhu cáilíochta nó d'údaráis rialála ábhartha i gcás gach ceann de na hinstitiúidí comhoibritheacha.
4. Deimhniú ó gach ceann de na gníomhaireachtaí seachtracha um dhearbhu cáilíochta agus/nó ó na húdaráis rialála ábhartha go nglacfar le toradh an phróisis seo bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach.
5. An comhaontú comhair sínithe ina soláthraítear an fhaisnéis go léir mar a shonraítear i gcaighdeán 2.1.3 thuas.

Déanfaidh QQI na doiciméid a scagadh chun a dhearbhu gur comhlíonadh na critéir incháilitheachta, mar atá leagtha amach i gcaighdeán 2.1 thuas. Gheobhaidh an institiúid chomhordaithe deimhniú foirmiúil ó QQI laistigh de shé seachtaine ón uair a gcuirtear na doiciméid isteach. Féadfaidh QQI teagmháil a dhéanamh leis an institiúid chomhordaithe le linn an ama seo chun faisnéis bhreise a lorg.

A luaithe a dheimhnítear incháilitheacht, cuirfidh QQI an institiúid chomhordaithe ar an eolas, agus eiseofar iarratas ar íocaíocht ar an gcostas a bhaineann le reáchtáil an phróisis le haghaidh DC seachtrach ar an gclár comhpháirteach.

<sup>6</sup> Gheofar acmhainn ag: Uirlisí ar Líne don Chur Chuige Eorpach, tionscadal ImpEA | Dearbhú cáilíochta EA

Pléifear agus aontófar amlíne chun an tuarascáil fhéinmheastóireachta a chur isteach agus chun go dtabharfaidh an painéal athbhreithnithe cuairt ar an suíomh.

### 3.2.1 DOICIMÉID A CHUR ISTEACH

Cuireann an institiúid chomhordaithe na doiciméid go léir isteach go leictreonach chuig QQI trí shuíomh tiomnaithe SharePoint. Fanfaidh an fhaisnéis faoi rún idir an institiúid chomhordaithe agus QQI.

### 3.3 AN TUARASCÁIL FÉINMHEASTÓIREACHTA (SER)

Bunaítear an próiseas dearbhaithe cáilíochta seachtrach ar an Tuarascáil Féinmheastóireachta (SER) arna cur i dtoll a chéile ag na hinstitiúidí comhoibrítheacha. An institiúid chomhordaithe a chuireann an SER isteach. Ba chóir go mbeadh faisnéis chuimsitheach san SER a thaispeánann go bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin atá leagtha amach i gcuid 2 thuas. Is é seo an doiciméad lárnach é a úsáideann an painéal athbhreithnithe roimh agus le linn na cuairte suímh.

Ina theannta sin, ba cheart go n-áireofaí leis an SER aon fhaisnéis faoi chreataí náisiúnta na n-institiúidí comhoibrítheacha faoi seach a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó ghníomhaireachtaí eachtracha agus ó shaineolaithe chun an comhthéacs a thuiscint, go háirithe socrú an chlár laistigh de chórais náisiúnta ardoideachais.

Ba cheart don SER béim a leagan ar ghné uathúil an chlár chomhpháirtigh mar iarracht chomhoibrítheach de chuid institiúidí ardoideachais as go leor córas náisiúnta ardoideachais.

Mar gheall ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhairliúchán atá riachtanach chun an SER a ullmhú, a dhreachtú agus a fhormheas, féadfaidh sé go leor ama a ghlacadh chun an tuarascáil a chur i dtoll a chéile, agus ba cheart soláthar a dhéanamh do idir 6 agus 9 mí laistigh den amlíne atá beartaithe.

Cuirfear an SER faoi bhráid QQI agus cuirfear ar fáil don phainéal athbhreithnithe é sé seachtaine ar a laghad roimh an gcuairt ar an suíomh. Ní shonraíonn QQI leagan amach an SER<sup>7</sup> agus féadfaidh na hinstitiúidí comhoibríthe é sin a chinneadh. Ní mór don SER díriú ar gach ceann de na caighdeáin a shonraítear i roinn 2.

### 3.4 PAINÉAL ATHBHREITHNITHE

Ceapfaidh QQI painéal athbhreithnithe ar a mbeidh ceathrar comhaltaí ar a laghad chun meastóireacht a dhéanamh ar an gclár comhpháirtigh. Áireofar ar an bpainéal seachtrach ball(i) a bhfuil saineolas a bhaineann go sonrach leis an ábhar, saineolas idirnáisiúnta, saineolas oideachais, saineolas meastóireachta DC agus saineolas maidir le mic léinn. I gcomhréir leis an gCur Chuige Eorpach, áireofar ar an bpainéal athbhreithnithe comhaltaí ó dhá thír ar a laghad de na hinstitiúidí comhoibrítheacha. Beidh ionadaí mac léinn ar an bpainéal athbhreithnithe. Is i mBéarla a bheidh an próiseas meastóireachta agus tuarascáil an phainéil, mar sin ní mór go mbeadh dóthain iniúllachta sa Bhéarla ag comhaltaí an phainéil athbhreithnithe.

<sup>7</sup> Tá teimpléid ar fáil (féach an teimpléad do SER a cuireadh i dtoll a chéile laistigh de thionscadal impEA; Treoir úsáideach don fhéinmheastóireacht atá ar fáil, leis, ar shuíomh gréasáin Limistéar Eorpach an Ardoideachais (EHEA)).

Roghnaídh QQL painéal athbhreithneoirí atá go hiomlán neamhspleách. Tá QQL tiomanta do phainéal cothromaithe ó thaobh ionadaíocht inscne a cheapadh agus athbhreithneoirí ó chúlfraí éagsúla a chuimsiú air. Lorgóidh QQL ionchur tríd an institiúid chomhordaithe ó na institiúidí comhoibritheacha agus/nó gníomhaireachtaí cáilíochta/údaráis chuí ar phróifíl an phainéil athbhreithnithe.

Tríd an institiúid chomhordaithe, beidh deis ag na hinstitiúidí comhoibritheacha agus/nó gníomhaireachtaí/údaráis ábhartha a dtuairimí a thabhairt ar chomhdhéanamh beartaithe an phainéil athbhreithnithe. Faoin QQL a bheidh sé comhdhéanamh an phainéil athbhreithnithe a fhaomhadh ar deireadh.

### 3.4.1 RÓIL BHAILL AN PHAINÉIL

Bíonn an painéal athbhreithnithe comhdhéanta de cheathrar ball ar a laghad agus déantar é a cheapadh agus a threorú ar aon dul le [beartas QQL maidir le cód iompair d'athbhreithneoirí agus do mheastóirí](#); beidh ar bhaill an phainéil aon choinbhleacht leasa a nochtadh, sula gceapfar iad..

### 3.4.2 CATHAOIRLEACH

Feidhmíonn cathaoirleach an phainéil athbhreithnithe mar chomhordaitheoir an phainéil athbhreithnithe agus tá freagracht iomlán air as meastóireacht a dhéanamh ar an gclár comhpháirteach. Comhordóidh an cathaoirleach na réamhchruinnithe leis an bpainéal agus comhaontóidh sé treo na bpléití le páirtithe leasmhara le linn na cuairte suímh. Cinnteoidh an cathaoirleach go mbeidh go leor plé agus fianaise ann le linn na cuairte suímh chun a chur ar chumas an phainéil cinneadh a dhéanamh ar 'comhlíonadh' nó 'nár comhlíonadh' an chláir chomhpháirtigh. Cuirfidh an cathaoirleach tuarascáil ó bhéal ar fáil ar thorthaí an phainéil ag deireadh na cuairte suímh. Rachaidh an cathaoirleach i dteagmháil le comhaltaí an phainéil agus le rúnaí na tuarascála lena chinntiú go ndéanfar an tuarascáil a dhréachtú laistigh de na hamlínte comhaontaithe. Nuair a bhíonn sí aontaithe leis an gcathaoirleach, cuireann rúnaí an phainéil agus an scríbhneoir na tuarascála tuarascáil an phainéil faoi bhráid QQL.

### 3.4.3 RÚNAÍ AN PHAINÉIL AGUS AN SCRÍBHNEOIR NA TUARASCÁLA

Tá rúnaí an phainéil freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh le QQL agus leis an institiúid chomhordaithe sna céimeanna ullmhúcháin agus le linn na cuairte suímh, maidir le doiciméid bhreise agus iarratais eile thar ceann an phainéil. Oibreoidh rúnaí an phainéil athbhreithnithe go dlúth leis an gcathaoirleach agus le comhaltaí an phainéil chun a chinntiú go mbaileofar agus go dtairfeadtar an fhianaise riachtanach le linn na cuairte suímh, le cur ar chumas an phainéil cinneadh a dhéanamh ar an gclár comhpháirteach. Tar éis na cuairte suímh, rachaidh rúnaí an phainéil i dteagmháil leis an gcathaoirleach agus le comhaltaí an phainéil chun tuarascáil an phainéil a dhréachtú. Aontóidh rúnaí an phainéil an tuarascáil deiridh leis an gcathaoirleach sula gcuirfear faoi bhráid QQL í.

### 3.4.4 BAILL AN PHAINÉIL

Roghnaítear baill an phainéil athbhreithnithe toisc saineolais agus dearchtaí áirithe agus éagsúla a bheith acu, a chuirfidh le meastóireacht an chláir chomhpháirtigh agus ar chinneadh an phainéil. Táthar ag súil go gcomhlíonfaidh gach ball den phainéal cód iompair QQI agus go bhfreastalóidh siad ar chruinnithe faisnéise agus ullmhúcháin mar atá sceidealta. Ní mór do chomhaltaí uile an phainéil a bheith i láthair le linn na cuairte suímh.

### 3.4.5 FAISNÉISIÚ AN PHAINÉIL

Seolfaidh QQI cruinniú faisnéise ar líne don phainéal athbhreithnithe ag céim luath den phróiseas. Is é aidhm an chruinnithe faisnéise seo a chinntiú go dtuigeann comhaltaí an phainéil athbhreithnithe na nithe seo a leanas:

- gnéithe sainiúla an chláir chomhpháirtigh;
- an próiseas cáilíochta seachtrach bunaithe ar an gCur Chuige Eorpach;
- ról QQI, na hinstiúide ardoideachais comhordaithe agus na n-institiúidí comhoibrithe i ndearbhú cháilíocht na gclár comhpháirteach;
- aidhm, cuspóirí agus treoirphrionsabail an phróisis mheastóireachta;
- céimeanna atá i gceist sa phróiseas;
- ról shonracha comhaltaí an phainéil athbhreithnithe;
- próiseas ceadaithe na tuarascála.

### 3.4.6 PLEANÁIL AGUS ULLMHÚ AN PHAINÉIL

Agus iad ag pleanáil agus ag ullmhú don chuairt suímh iarrtar ar gach ball den phainéal athbhreithnithe a n-anailís neamhspleách deisce féin a dhéanamh ar an tuarascáil féinmheastóireachta agus ar aon ábhar breise a chuirtear ar fáil. Tionólfaidh an painéal athbhreithnithe cruinniú ullmhúcháin ar líne 3 seachtaine ar a laghad roimh an gcúairt suímh sceidealta. Cuireann an cruinniú ullmhúcháin seo tús leis an bpróiseas chun téamaí ginearálta, saincheisteanna agus réimsí le soiléiriú le linn na cuairte suímh a shainaithint. Tionólfar cruinniú príobháideach pearsanta den phainéal athbhreithnithe tráthnóna/tráthnóna roimh thús na cuairte suímh.

Féadfaidh an painéal athbhreithnithe faisnéis bhreise a iarraidh roimh nó le linn na cuairte suímh. Rachaidh QQI i dteagmháil leis an institiúid chomhordaithe ag féachaint le haon iarrataí breise ar dhoiciméid ón bpainéal athbhreithnithe a chomhlíonadh. Ba cheart gach doiciméad a uaslódáil trí SharePoint QQI. Nóta: Agus comhaid agus fillteáin á n-uaslódáil, ba chóir don institiúid chomhordaithe a bheith meabhrach ar chosán agus fad ainm an chomhaid: Tacaíonn SharePoint le suas le 260 carachtar d'fhad iomlán an chomhaid agus an chosáin.

## 3.5 CUAIRT SUÍMH

### 3.5.1 SCEIDEAL

Is iondúil go mbíonn an chuairt suímh teoranta do shuíomh amháin den institiúid ardoideachais chomhordaithe, cé go bhféadfaí suíomhanna eile a áireamh trí mhodheolaíocht chumaisc. Lá go leith a mhaireann an chuairt suímh de ghnáth agus eagrófar cruinniú ullmhúcháin den phainéal athbhreithnithe seachtach roimh ré. Is trí Bhéarla a dhéanfar an chuairt suímh.

Ba cheart don institiúid chomhordaithe sceideal molta don chuairt suímh a chur isteach lena bhreithniú ag an bpainéal athbhreithnithe ag a gcéad chruinniú ullmhúcháin ar líne, a thionólfar tráth nach déanaí ná 3 seachtaine roimh an chuairt. Ba cheart sceideal na cuairte suímh a dhearadh chun a chinntiú go bhfaigheann an painéal tuiscint shoiléir ar an gcur chuige maidir le bainistiú a dhéanamh ar éifeachtacht dhearbhu cáilíochta an chláir chomhpháirtigh.

Tar éis aon athruithe a mholann an painéal athbhreithnithe ar an sceideal, d'fhéadfadh go mbeadh gá le leasuithe a dhéanamh ar shocruithe lóistíochta agus pearsanra don chuairt. Rachaidh QQI i dteagmháil leis an institiúid chomhordaithe le deimhniú go ndírítear ar gach athrú go cúí roimh an chuairt agus deimhneoidh sé an sceideal deiridh arna cheadú ag an gcathaoirleach.

Ba cheart don institiúid chomhordaithe tosú ar an ullmhúchán don chuairt suímh i bhfad roimh an chuairt bheartaithe agus na socruithe a thabhairt chun críche go tapa ina dhiaidh sin. I bhfianaise chastacht na hoibre le hinstitiúidí comhoibrítheacha, féadann comhordú dialanna a bheith an-chasta agus ba cheart a dheimhniú a luaithe is féidir go mbeidh na rannpháirtithe i láthair de réir an sceidil.

### 3.5.2 RANNPHÁIRTITHE

Le linn na cuairte suímh buailfidh an painéal athbhreithnithe le hionadaithe éagsúla, lena n-áirítear an bhainistíocht, an fhoireann acadúil agus neamhadúil na n-institiúidí comhordaithe agus comhoibríthe don chlár chomhpháirteach agus d'fhoghlaimoírí.

Ba cheart próifílí chomhaltaí an phainéil athbhreithnithe (arna sholáthar ag QQI) a roinnt leis na rannpháirtithe uile sa chuairt suímh, in éineacht le nóta treorach ar an bpróiseas. Ba cheart a chur in iúl do rannpháirtithe freisin go stiúrfaidh an painéal athbhreithnithe treo an phlé ag na cruinnithe agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le méid áirithe solúbthachta chun é sin a éascú. Ba cheart go mbeadh rochtain iomlán ag rannpháirtithe ar an tuarascáil féinmheastóireachta agus ar aon ábhar tacaíochta den chlár comhpháirteach.

Nuair a bhíonn tacaíochtaí nó socruithe sonracha de dhíth ar rannpháirtí chun páirt éifeachtach a ghlacadh sa phríomhchuairt athbhreithnithe, is í an institiúid chomhordaithe atá freagrach as sin a dhéanamh.

Más gá ateangaireacht chomhuaineach a thabhairt d'aon rannpháirtithe sa chuairt suímh, is é an institiúid chomhordaithe atá freagrach as sin a eagrú thar ceann na n-institiúidí comhoibrítheacha.

### 3.5.3 SEOLADH NA CUAIRTE SUÍMH

Chun cabhrú leis an gcathaoirleach gach cruinniú a bhainistiú, agus le cinntiú go mbíonn deis ag gach duine páirt a ghlacadh sa phlé, moltar nach mbeadh níos mó ná ochtar i láthair ag aon chruinniú. Go hidéalach, ba cheart go mbeadh idir seisear agus ochtar i láthair ag gach cruinniú (mura bhfuil a mhalairt de dhíth leis an bhformáid atá beartaithe, m.sh. cur chuige ar nós caifé domhanda).

Spreagtar an painéal athbhreithnithe agus an institiúid chun fíor-atmaisféar comhphlé a chruthú le linn na príomhchuarthe athbhreithnithe. Chuige sin, beidh na ceisteanna agus an plé ag cruinnithe cothrom, dea-bhéasach agus cuiditheach, ach fiosrach freisin, agus díreofar ar fhianaise a bhailiú agus a thástáil.

Le go mbeidh plé oscailte ionraic éifeachtach ann, ba chóir go mbreathnódh an lucht freastail ar an bpainéal athbhreithnithe mar chairde criticiúla atá ann chun páirt a ghlacadh sa phlé, chun peirspectíochtaí neamhspleácha a roinnt agus chun luach a chur le hathbhreithniú na hinstitiúide.

Is é an tasc atá tugtha ag QQI don phainéal athbhreithnithe a chinntiú go mbeidh an t-eolas agus an fhianaise bailithe acu faoi dheireadh gach cruinnithe chun cur leis na torthaí agus na moltaí éagsúla a chuirfear i láthair sa tuarascáil athbhreithnithe.

Féadfaidh ionadaithe QQI freastal ar chruinnithe le linn na cuairte suímh chun tacú leis an bpainéal athbhreithnithe agus chun cur i bhfeidhm rianúil an phróisis a chinntiú. Féadfaidh baill foirne QQI a bheith i láthair freisin le linn na cuairte suímh mar bhreathnóirí. Ach comhaontú a fháil ó chathaoirleach an phainéil agus ón institiúid chomhordaithe, féadfar cead a thabhairt do bhreathnóirí seachtracha freastal ar roinnt seisiún.

### 3.5.4 TUARASCÁIL Ó BHÉAL

Cuireann an cathaoirleach tuarascáil ó bhéal, ina sonraítear forbheathnú gairid ar thorthaí an phainéil athbhreithnithe, i láthair ag seisiún deiridh na cuairte suímh. Is í an tuarascáil ó bhéal deireadh foirmiúil na cuairte agus an phróisis suímh, tugann sé deis don chathaoirleach réamhthorthaí an phainéil maidir leis an gclár comhpháirteach agus comhlíonadh na gcaighdeán a chomhroinnt.

Ní deis í an tuarascáil ó bhéal le tuilleadh plé a dhéanamh, is dúnadh foirmiúil an chathaoirligh í ar an gcuart suímh agus ar an bpróiseas.

## 3.6 TUARASCÁIL AN PHAINÉIL ATHBHREITHNITHE

Ullmhaíonn an painéal athbhreithnithe tuarascáil ina bhfuil fianaise agus anailís ábhartha maidir leis na caighdeáin mar atá sonraithe in alt 2. Féadfaidh tuarascáil an phainéil moltaí a dhéanamh freisin chun an clár comhpháirteach a fhorbairt tuilleadh. Ba cheart aird ar leith a thabhairt i gconclúidí agus i moltaí an phainéil ar shainghnéithe an chláir chomhpháirtigh.

Chuir QQI an [Panel-report\\_template\\_ImpEA\\_draft.docx \(live.com\)](#) in oiriúint chun teimpléad a bhunú do thuarascáil an phainéil<sup>8</sup>.

Tabharfar deis fhoirmiúil do na hinstiúidí comhoibritheacha cruinneas fhiricí na tuarascála athbhreithnithe a sheiceáil agus soláthróidh QQI teimpléad mar chabhair chuige sin.

Nuair a bheidh tuarascáil an phainéil aontaithe ag cathaoirleach an phainéil, cuirtear ar aghaidh chuig QQI í. Caithfear é seo a dhéanamh laistigh de cheithre seachtaine ón gcuairt suímh. Coinníonn QQI cearta eagarthóireachta ar an tuarascáil agus athbhreithneoidh sé an tuarascáil ar mhaithe le comhsheasmhacht agus indéantacht na dtorthaí.

## 3.7 TORTHAÍ AGUS CINNEADH FOIRMIÚIL

### 3.7.1 TORTHAÍ AGUS CEADÚ NA TUARASCÁLA

As an bpróiseas tiocfaidh tuarascáil phainéil ina mbeidh an breithiúnas ‘comhlíontach’ nó ‘neamhchomhlíontach’ maidir leis na caighdeáin, mar atá sonraithe sa Chur Chuige Eorpach.

Cuirtear tuarascáil deiridh an phainéil faoi bhráid Choiste Formheasta agus Athbhreithnithe QQI dá bhformheas. Tar éis cinneadh an choiste sin, cuirtear an scéala in iúl go hoifigiúil don instiúid ardoideachais chomhordaithe.

Foilsíonn QQI an tuarascáil fhortheasta ar a shuíomh gréasáin agus cuirtear an toradh in iúl do DEQAR.

### 3.7.2 CREIDIÚNÚ (BAILÍOCHTÚ)

An instiúid ardoideachais chomhordaitheach a chuireann torthaí foirmiúla an phróisis athbhreithnithe in iúl do na hinstiúidí comhoibritheacha. Déantar an cinneadh maidir le creidiúnú (bailíochtú) bunaithe ar an tuarascáil cheadaithe, agus is é an instiúid ardoideachais chomhordaithe agus na hinstiúidí comhoibritheacha a dhéanann é de réir na rialachán acadúil agus/nó an chreata reachtaigh laistigh dá ndlínse féin.

Go ceann tréimhse sé bliana, mar a shonraítear sa Chur Chuige Eorpach, a bhronnfar an bailíochtú (creidiúnú). Ba cheart a chur in iúl don QQI le linn na tréimhse seo má dhéantar aon athrú ar an gcuibhreannas trína gcuirtear an clár comhpháirteach ar fáil.

## 3.8 ACHOMHAIRC

Tá ceart achomhairc ag na hinstiúidí comhoibritheacha in aghaidh toradh foirmiúil an phróisis. Tá feidhm le próiseas achomhairc QQI sa chás seo. Cinneadh a rinne QQI a achomharc | Cáilíocht agus Dearbhú Cáilíochta Éireann

<sup>8</sup> Gheofar samplaí de thuarascálacha foilsithe athbhreithnithe trí Chláir chreidiúnaithe/measúnaithe - EQAR Céim Mháistreachta i nDúshláin Dhomhanda le haghaidh céim Máistreachta Inbhuanaitheachta i nGhníomhaíocht Dhaonnachtúil Idirnáisiúnta (NOHA+)



### **3.9 IAR-OBAIR**

Aontóidh QQI gnás obair leantaí leis na hinstiúidí comhoibritheacha chun díriú ar chomhlíonadh na gcoinníollacha, agus ar ghníomhartha iar-oibre ag éirí as moltaí, más cuí.

### **3.10 ATHBHREITHNIÚ TRÉIMHSIÚIL**

Déanfar an clár comhpháirteach a athbhreithniú go tréimhsiúil laistigh de shé bliana ar a mhéad, agus ba chóir é sin a shonrú sa chinneadh foilsithe. ([Gnás EA | tionscadal impea](#))

## 4. AGUISÍNÍ

### 4.1 AMLÍNE THÁSCACH

Céim	Gníomh	Dátaí	Toradh
Dul i gcomhairle roimh ré leis an institiúid chomhordaithe agus QQI	An clár comhpháirteach bweartaithe, gnásanna DC, príomhghníomhartha agus amlíne tháscach a phlé.	3 mhí roimh an dáta ar a d'fhéadfaí an t-iarratas a chur isteach	Bearta aontaithe
Déantar iarraidh foirmiúil chuig QQI ag iarraidh air meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar an gclár comhpháirteach	Iarratas i scríbhinn chuig QQI Freagairt fhoirmiúil ó QQI	Laistigh de 2 sheachtain den iarratas a fháil.	Cuirtear tús leis an bpróiseas
Iarratas agus doiciméid riachtanacha a chur isteach chun 'incháilitheacht' a léiriú	Cuireann an institiúid chomhordaithe an t-iarratas isteach, agus léirítear trí sin incháilitheacht thar cean na n-institiúidí comhordaithe	Laistigh de 4 seachtaine	Deimhníonn / dhiúltaíonn QQI incháilitheacht/ iarrann sé faisnéis bhreise/ soiléiriú
Tar éis incháilitheacht a dheimhniú - cuireann QQI an painéal athbhreithnithe le chéile  Amlíne aontaithe le SER a chur isteach agus cuairt athbhreithnithe a dhéanamh	Próifíl an phainéil athbhreithnithe curtha isteach ag an institiúid chomhordaithe Painéal athbhreithnithe molta curtha in iúl don institiúid chomhordaithe ag QQI Aiseolas ar aon choibhleacht spéise arna chur in iúl trí institiúid chomhordaithe.	3 - 4 mhí	Ceaptar an painéal athbhreithnithe.  Dátaí aontaithe le SER a chur isteach.  Dátaí don chuairt athbhreithnithe aontaithe.
Tuarascáil Féinmheastóireachta	SER á dhréachtú  An SER á chur chuig QQI ag an institiúid chomhordaithe	6 mhí	Roinneann QQI an SER leis an bpainéal athbhreithnithe  6 seachtaine roimh an chuairt athbhreithnithe
Seisiún teagasc don Phainéal Athbhreithnithe	Cuireann QQI mionteagasc ar an bpainéal maidir le gnásanna agus próiseas DC	4 - 6 seachtaine	Mionteagasc curtha ar an bpainéal, rochtain ar gach doiciméad

Cruinnithe ullmhúcháin an phainéil athbhreithnithe	Athbhreithniú deisce Cruinnithe ullmhúcháin ar líne an phainéil athbhreithnithe	6 seachtaine 3 seachtaine	Topaicí plé aitheanta Riachtanais bhreise maidir le doiciméid. Aontaítear an sceideal don chuairt suímh
Cuairt suímh (áit amháin)	Cruinniú ag an bpainéal athbhreithnithe le páirtithe leasmhara lena mbaineann	12 seachtain tar éis an ISER a fháil	Tuarascáil ó bhéal curtha ar fáil ag cathaoirleach an phainéil athbhreithnithe
Tuarascáil	Dréacht-tuarascáil arna ullmhú ag an bpainéal. Déanann QQI an tuarascáil a sheiceáil agus cuirtear chuig an institiúid chomhordaithe é leis na fíricí a sheiceáil. (Téann an institiúid ardoideachais chomhordaithe i gcomhairle leis na hinstiúidí comhordaithe uile) Freagraíonn an institiúid chomhordaitheach le ceartuithe ar fhíricí. Dréacht- tuarascáil arna ullmhú ag an bpainéal.	Cuirtear an tuarascáil chuig QQI laistigh de 4 seachtaine ó dháta na cuairte suímh. Tugtar 15 lá féilire don institiúid ardoideachais chomhordaithe chun tráchtá a dhéanamh ar an dréachtleagan den tuarascáil agus earráidí fíriciúla a cheartú.	Tuarascáil athbhreithnithe QQI
Ceadú na Tuarascála	Cuirtear tuarascáil deiridh an phainéil faoi bhráid Choiste Formheasta agus Athbhreithnithe QQI dá gceadú.	Dáta sceidealta don ARC.	Déantar an tuarascáil a cheadú nó gan a cheadú lena foilsíú. Cuireann QQI fógra faoi thorthaí an ARC chuig an institiúid chomhordaitheach. Foilsíonn QQI an tuarascáil cheadaithe ar a shuíomh gréasáin, agus uaslódáiltear í chuig Bunachar Sonraí na dTorthaí Seachtracha Dearbhaithe Cáilíochta. (DEQAR).

## 4.2 ACMHAINNÍ

- 'Joint Programmes from A to Z - A reference guide for practitioners' (2020): [Joint programmes from a to z \(impea.eu\)](https://www.impea.eu/joint-programmes-from-a-to-z)
- 'Manual for the European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes' (VLUHR 2020): [Manual-European-Approach.pdf \(vluhr.be\)](https://www.vluhr.be/manual-european-approach.pdf)
- 'European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes' (Oct 2014) [European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes \(eqar.eu\)](https://www.eqar.eu/european-approach-for-quality-assurance-of-joint-programmes)
- 'FRAMEWORK FOR THE EUROPEAN APPROACH FOR QUALITY ASSURANCE OF JOINT PROGRAMMES' (Nov 2020) [Assessment\\_framework\\_for\\_the\\_European\\_Approach\\_2019\\_2025.pdf \(nvao.net\)](https://www.nvao.net/assessment-framework-for-the-european-approach-2019-2025.pdf)
- [Guide to Ex-ante accreditation of Joint programmes using the European Approach \(aqu.cat\)](https://www.aqu.cat/guide-to-ex-ante-accreditation-of-joint-programmes-using-the-european-approach)
- 'Conditions for the recognition by AQU Catalunya of joint programmes accreditations using the European approach framework' (2022) (available via [AQU site principal](https://www.aqu.cat/aqu-site-principal))
- 'The European approach for QA of Joint Programmes' presentation by Lucien Bollaert at TAM Seminar Jan 2019 ([The European approach for QA of Joint Programmes - ppt download \(slideplayer.com\)](https://www.slideplayer.com/download/the-european-approach-for-qa-of-joint-programmes-ppt))
- 'ECA Training: Assessing Joint Programmes' May 2022 [ECA Training: Assessing Joint Programmes – The European Consortium for Accreditation in Higher Education \(ecahe.eu\)](https://www.ecahe.eu/eca-training-assessing-joint-programmes-the-european-consortium-for-accreditation-in-higher-education)
- [European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes - Quality Assurance portal \(kuleuven.be\)](https://www.kuleuven.be/european-approach-for-quality-assurance-of-joint-programmes-quality-assurance-portal) (March 2022)
- Spanish Network of QA Agencies in Higher Education (REACU): 'EVALUATION PROTOCOL FOR INTERNATIONAL JOINT DEGREES IN ACCORDANCE WITH THE European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes' (April 2022) [REACU-ProtocoloTitulosConjuntosInternacionales\\_en.pdf \(aac.es\)](https://www.aac.es/reacu-protocolo-titulos-conjuntos-internacionales-en.pdf)
- 'The European Approach For Quality Assurance of Joint Programmes - Outcomes Peer Learning Activity' (Jan 2020) [00 Final Report PLA European Approach 2-3 Dec 2019.pdf \(erasmusplus.nl\)](https://www.erasmusplus.nl/00-final-report-pla-european-approach-2-3-dec-2019.pdf)
- 'European Approach for Quality Assurance of Joint Programmes' approved by European Higher Education minister in May 2015 in Yerevan (adopted by the Board of AQ Austria in its 36th meeting on 20th September 2016)' [AQ-Austria\\_European-Approach\\_06112016.pdf](https://www.aq-austria.eu/aq-austria-european-approach-06112016.pdf)
- 'Quality assurance of joint programmes' Paper presented at EQAF Nov 2021 by •Josef Matoušek, Charles University, Czech Republic • Tina Harrison, University of Edinburgh, the UK Chair: Ronny Heintze, EQAF Programme Committee ([events.html \(eua.eu\)](https://www.eua.eu/events.html))

